RÚN (AE) 2022/1756 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá in gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne (EIGE) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0091/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas ([1]), gurbh é EUR 7 749 900 buiséad críochnaitheach na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne ("an Institiúid') don bhliain airgeadais 2020, arb ionann é agus laghdú de 1,24 % i gcomparáid le 2019; de bhrí gur as buiséad an Aontais a thagann buiséad iomlán na hInstitiúide;

B. de bhrí go ndearbhaíonn an Chúirt Iniúchóirí ("an Chúirt"), ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne don bhliain airgeadais 2020 ("an tuarascáil ón gCúirt"), go bhfuil dearbhú réasúnach faighte aici go bhfuil cuntais na Gníomhaireachta beacht agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta;

C. de bhrí go bhfuil sé d'aidhm ag an Aontas, de bhun Airteagal 8 CFAE, neamhionannais a dhíothú agus comhionannas idir fir agus mná a chur chun cinn ina ghníomhaíochtaí uile, agus ar an gcaoi sin prionsabal an phríomhshruthaithe inscne a bhunú, lena n-áirítear trí bhuiséadú inscne ar gach leibhéal den phróiseas buiséadach;

D. de bhrí go ndéanann paindéim COVID-19 difear díréireach do mhná, go háirithe mná atá ag obair san fhostaíocht fhorbhásach, in earnálacha baineannaithe agus sa gheilleagar neamhfhoirmiúil chomh maith le mná atá thíos leis an bhforéigean agus leis an gciapadh inscnebhunaithe méadaithe, a bhfuil freagrachtaí cúraim agus baile neamhíoctha agus neamhchothrom orthu, agus le rochtain shrianta ar shláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo; de bhrí go bhfuil an baol ann, le paindéim COVID-19, go ndéanfaí rolladh siar ar an dul chun cinn maidir le comhionannas inscne, go háirithe sna Ballstáit sin ina raibh na táscairí réamhphaindéime comhionannais inscne níos ísle; de bhrí gur cláraíodh mionmhéadú 0,6 pointe in Innéacs Comhionannais Inscne 2021 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin ([2]);

Bainistiú buiséid agus airgeadais

1. ag tabhairt dá haire gur díol sásaimh di gur thug na hiarrachtaí faireacháin buiséid i rith bhliain airgeadais 2020 ráta cur chun feidhme buiséid 97,75 %, a léiríonn laghdú de 1,21 % i gcomparáid le 2019; ag tabhairt dá haire gur ráta forghníomhaithe 74,82 % a bhí ann maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, a léiríonn laghdú de 7,68 % i gcomparáid le 2019;

2. ag aithint gur tháinig ardú go 49,49 % ar chaiteachas oibriúcháin na hInstitiúide a tugadh anonn in 2020 (i gcomparáid le 28,01 % in 2019);

3. ag tabhairt dá haire ón tuarascáil ón gCúirt gur shínigh an Institiúid, ar an 17 Nollaig 2019, leasú leis an gcomhaontú le hArd-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um Beartas Comharsanachta na hEorpa agus Caibidlíocht maidir le Méadú chun EUR 378 950 a sholáthar faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) chun gníomh a chur chun feidhme dar teideal *'Increased capacity of EU candidate countries and potential candidates to measure and monitor the impact of gender equality policies (2018 to 2021)'* [Cumas méadaithe na dtíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht in AE agus na n-iarrthóirí ionchasacha tomhas agus faireachán a dhéanamh ar thionchar na mbeartas comhionannais inscne], agus go bhfuarthas an méid sin ar an 27 Nollaig 2019 ach nár cuireadh an fhaisnéis a bhaineann leis an méid sin san áireamh sa bhuiséad; ag tabhairt le fios, de bhun Airteagal 157 den Rialachán Airgeadais, nach mór an fhaisnéis sin a thuairisciú; á chur in iúl gurb oth léi nár fhoilsigh an Institiúid leasú lena

([1]) IO C 114, 31.3.2021, lch. 135.

([2]) https://eige.europa.eu/gender-equality-index/2021

buiséad do 2020 chun an méid a briseadh a chur san áireamh agus nár cuimsíodh é i mbuiséad 2020 a foilsíodh ar an 31 Márta 2021, agus gur tuairiscíodh saincheist den sórt céanna cheana féin in 2019; ag tabhairt dá haire, ag deireadh 2021, gur chuir an Institiúid breathnóireacht na Cúirte maidir le bainistíocht bhuiséadach chun feidhme san iniúchadh ar chuntais 2020 agus go ndeachaigh an Institiúid ar aghaidh le ceartúchán ([3]) ar bhuiséad 2020 a fhoilsiú maidir leis an ranníocaíocht ón Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais; ag tabhairt dá haire go bhfuil obair leantach á déanamh ag an gCúirt faoi láthair; á iarraidh ar an Institiúid, de réir mar a thugann na Cúirteanna dá n-aire gur léiriú é sin ar shaincheist chórasach, míniú a thabhairt don údarás um urscaoileadh ar atarlú na saincheiste tuairiscithe in 2020; á iarraidh ar an Institiúid an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas faoi bhearta eile a rinne sé chun nach dtarlóidh sé arís;

4. á mheabhrú gur bunaíodh an Institiúid chun rannchuidiú le cur chun cinn an chomhionannais inscne san Aontas agus chun é a neartú agus chun tacú le comhtháthú an chomhionannais inscne i mbeartais uile an Aontais agus sna beartais náisiúnta a eascraíonn astu; ag aithint na speisialtóireachta agus an tsaineolais mhóir atá ag an Institiúid i staidéir, taighde, bailiú sonraí ardcháilíochta, forbairt uirlisí modheolaíochta agus measúnú ar bheartais náisiúnta, go háirithe maidir le foréigean inscnebhunaithe agus feimeamharuithe ar fud Bhallstáit uile an Aontais; á mheabhrú go háirithe i gcomhthéacs thionchar phaindéim COVID-19 ar chomhionannas inscne agus an fhrithfhreagairt i gcoinne chearta na mban agus comhionannas inscne, go bhfuil gá le buiséad agus acmhainní daonna méadaithe lena n-áirítear níos mó ball foirne chun go ndéanfaidh an Institiúid a cuid feidhmeanna go leormhaith;

Feidhmíocht

5. á chur in iúl gur geal léi an comhar leanúnach idir an Institiúid agus Coiste na Parlaiminte um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ("Coiste FEMM") agus rannchuidiú na hInstitiúide le hobair leanúnach Choiste FEMM amhail maidir le tionchar phaindéim COVID-19, maidir le foréigean inscnebhunaithe, pá comhionann, buiséadú inscne agus uirlis pharlaiminteach inscne-íogair a fhorbairt; á chur i bhfáth gur féidir leis an Institiúid rannchuidiú luachmhar a dhéanamh le gach coiste de chuid na Parlaiminte, agus ag spreagadh na Parlaiminte chun comhar níos dlúithe fós a bhunú leis an Institiúid; ag spreagadh comhoibrithe idir an Institiúid agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais;

6. ag tabhairt dá haire go mbaineann an Institiúid leas as eochairtháscairí feidhmíochta áirithe i ndáil le cuspóirí oibríochtúla agus bainistiú acmhainní airgeadais agus daonna chun an breisluach arna sholáthar ag a gníomhaíochtaí a mheas; á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh formhór na spriocanna i gcrích agus gur dhear an Institiúid táscairí sonracha chun feidhmíocht na seirbhísí cothrománacha a thomhas sa rannóg bhliantúil den doiciméad clársceidealaithe aonair 2022-2024;

7. á chur in iúl gur geal léi gur foilsíodh agus gur aistríodh sraith straitéisí de réir a chéile don bhuiséadú inscne in 2020, atá ceaptha cabhrú leo siúd a oibríonn le Cistí an Aontais comhionannas inscne a chomhtháthú ina gcláir; á chur in iúl gur geal léi freisin gur eisíodh an tInnéacs Comhionannais Inscne ar líne i mí Dheireadh Fómhair 2020 mar uirlis tagarmharcála úsáideach lena gceadaítear do na Ballstáit faireachán agus comparáid éasca a dhéanamh ar a ndul chun cinn le himeacht ama agus tuiscint a fháil ar na réimsí is mó a bhfuil gá le feabhsuithe iontu;

8. á chur in iúl gur geal léi go ndearna an bord bainistíochta comhdhéanamh an choiste stiúrtha le haghaidh dara meastóireacht sheachtrach na hInstitiúide a fhormheas in 2020, ar meastóireacht í a cuireadh siar in 2019 agus a sceidealaíodh le haghaidh 2022, agus á chur in iúl gur geal léi na téarmaí tagartha faoina ndéanfaidh an Institiúid an mheastóireacht sheachtrach neamhspleách ar a bhfuil bainte amach aici a choimisiúnú;

9. á chur in iúl gur geal léi go gcomhoibríonn an Institiúid i ndlúthchomhar le gníomhaireachtaí Aontais trí bhíthin comhoibriú déthaobhach agus rannpháirtíocht ghníomhach i líonraí bunaithe agus go bhforáiltear, faoin Rialachán lenar bunaíodh an Institiúid, le haghaidh comhaontuithe chun comhar a dhéanamh leis an bhForas Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound), an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna, agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha; ag tabhairt dá haire, freisin, go nglacann an Institiúid páirt ghníomhach sa líonra gníomhaireachtaí um Cheartas agus Gnóthaí Baile; á chur in iúl gur geal léi an comhar agus na sineirgí sin mar shampla do ghníomhaireachtaí agus d'institiúidí eile ar fiú a leanúint;

([3]) Ráiteas ar ioncam agus caiteachas na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne don bhliain airgeadais 2020 – buiséad leasaitheach Uimh. 1 (IO C 114, 31.3.2021, lch. 238).

Beartas foirne

10. ag tabhairt dá haire go raibh an plean bunaíochta curtha chun feidhme 100 % ar an 31 Nollaig 2020, go raibh ceapacháin déanta i gcás 27 ngníomhaire shealadacha as 27 ngníomhaire shealadacha arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 27 bpost údaraithe in 2019); ag tabhairt dá haire go ndearnadh 11 ghlao ar iarratais, lena n-áirítear dhá ghlao le haghaidh poist mar ghníomhairí sealadacha, ocht gcinn le haghaidh saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus ceann amháin le haghaidh post mar oiliúnaí; ag tabhairt dá haire go raibh ráta láimhdeachais 11 % ann i gcaitheamh 2020; á chur in iúl gur geal léi na bearta a rinne an Institiúid chun an láimhdeachas a laghdú;

11. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur ann do dháileadh neamhchothrom inscne sa bhainistíocht shinsearach, le fear amháin (25 %) agus triúr ban (75 %), ar an mbord bainistíochta, le seachtar fear (21,9 %) agus 25 bean (78,1 %) agus i measc na foirne ar an iomlán, le 11 fear (23,4 %) agus 36 bean (76,6 %); ag athdhearbhú a hiarrata ar an Institiúid cothromaíocht inscne a áirithiú ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí amach anseo; á mheabhrú don Institiúid go bhfuil tábhacht ag roinnt le hinniúlacht, eolas agus taithí, agus freisin le cothromaíocht gheografach agus inscne i measc baill foirne, agus iarrthóirí á roghnú; á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht inscne a áirithiú a chur san áireamh agus a gcuid comhaltaí á n-ainmniú do bhord bainistíochta na hInstitiúide; ag tabhairt dá haire, ach iarratais le haghaidh oiliúnachtaí agus poist mar shaineolaithe náisiúnta ar iasacht a fhágáil as an áireamh, go bhfuair an Institiúid 142 iarratas in 2020, ar mhná a rinne 67 % díobh, léiriú ar athrú i gcomparáid le 2019, nuair is ó mhná a tháinig 87 % de na hiarratais;

12. á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí a rinneadh sa bheartas foirne chun teilea-obair agus an saol folláin a chur chun cinn agus ag leanúint den Institiúid a spreagadh chun forbairt a dhéanamh ar chreat beartais fadtéarmach maidir le hacmhainní daonna lena dtugtar aghaidh ar chothromaíocht oibre is saoil, ar threoir ar feadh an tsaoil agus ar fhorbairt ghairme, ar chothromaíocht inscne, ar theilea-obair, ar chothromaíocht gheografach agus ar earcaíocht agus ar lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas;

13. ag tabhairt dá haire go raibh in 2020 an Institiúid ag baint leas i gcónaí as an gcreatchonradh chun pearsanra eatramhach a sholáthar; ag tabhairt dá haire gur chuir roinnt oibrithe eatramhacha i gcoinne a ndálaí oibre leis an gcuideachta ar conradh ag tús na bliana 2018 agus gur dhéileáil coiste díospóide saothair na Liotuáine leis an gcás, a rinne cinneadh i bhfabhar na foirne eatramhaí; ag tabhairt dá haire gur chuir an chuideachta atá ar conradh in aghaidh chinneadh choiste díospóide saothair na Liotuáine; á chur i bhfios gur ghníomhaigh an Institiúid mar thríú páirtí sa chás sin; á chur i bhfios, ina theannta sin, maidir le Treoir 2008/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), nár tugadh soiléireacht dhlíthiúil *a priori* maidir le cé acu an dtagann gníomhaireachtaí de chuid an Aontais faoina raon feidhme maidir le hoibrithe sealadacha a fhostú; ag tabhairt dá haire gur dhírigh Cúirt Uachtarach na Liotuáine ceisteanna ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) ar an 30 Nollaig 2019, i gCás C-948/19; ag tabhairt dá haire, maidir lena bhfuil sa tuarascáil ón gCúirt go mb'fhéidir, ó tá CBAE ag rialú ar an ábhar, go mbeadh tionchar aige ar sheasamh na Cúirte maidir le leas a bheith á bhaint ag an Institiúid as oibrithe eatramhacha agus go gcuirfear na barúlacha ar an ábhar ar fáil nuair a eiseoidh CBAE rialú críochnaitheach sa chás; ag tabhairt dá haire gur réitíodh an cás i mí na Samhna 2021, mar a rialaigh CBAE go dtagann gníomhaireachtaí an Aontais faoi raon feidhme Threoir 2008/104/CE nuair a fhostaíonn siad oibrithe gníomhaireachta sealadacha trí ghníomhaireachtaí fostaíochta sealadaí;

14. ag tabhairt dá haire, de réir na tuarascála ón gCúirt, maidir le hiniúchóireacht 2019, go raibh rian iniúchóireachta daingean in easnamh ar na nósanna imeachta ar baineadh leas astu (rud a cheanglaítear faoi Airteagal 36(3) den Rialachán Airgeadais) chun saineolaithe seachtracha a roghnú agus a chonrú agus, mar thoradh air, go bhfuil na híocaíochtaí uile a bhaineann leis na conarthaí sin ina dhiaidh sin neamhrialta; á thabhairt chun suntais gur EUR 4 400 a bhí sna híocaíochtaí gaolmhara in 2019;

Soláthar

15. ag tabhairt dá haire gur cuireadh 47 nós imeachta soláthair riaracháin agus 61 nós imeachta soláthair oibríochtúil i gcrích in 2020; ag tabhairt dá haire gur chuir an Institiúid seisiúin oiliúna inmheánacha maidir le cúrsaí soláthair ar fáil don fhoireann go rialta; ag tabhairt dá haire, i gcomhréir leis na Treoracha um Sholáthar agus an Rialachán Airgeadais, gur chuir an Institiúid caighdeáin aonfhoirmeacha i bhfeidhm le haghaidh malartú leictreonach faisnéise le tríú páirtithe a bhí rannpháirteach i nósanna imeachta soláthair trí leas a bhaint as uirlis ríomhthairisceana agus ríomhthíolactha;

([4]) Treoir 2008/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le hobair ghníomhaireachta shealadach, (IO L 327, 5.12.2008, lch. 9).

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht

16. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, bearta reatha agus iarrachtaí leanúnacha na hInstitiúide chun trédhearcacht, cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa, agus cosaint na sceithirí a áirithiú; ag tabhairt dá haire gur glacadh an Straitéis Frithchalaoise 2021-2023 in 2020 agus gur seoladh roinnt seisiún oiliúna i réimse na heitice agus an ionracais; ag tabhairt dá haire gur foilsíodh CV stiúrthóir na hInstitiúide ar a suíomh gréasáin;

Rialú inmheánach

17. ag tabhairt dá haire, i gcomhréir le Plean Straitéiseach Iniúchóireachta Inmheánaí Sheirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach (IAS) an Choimisiúin 2019-2021, go ndearnadh an iniúchóireacht ar chur chun feidhme chur chuige na heagraíochta, cur chuige faoi stiúir tionscadail, san Institiúid in 2020 agus go raibh moladh tábhachtach amháin agus dhá mholadh an-tábhachtach i dtuarascáil chríochnaitheach na hiniúchóireachta, moltaí ar ghlac an Institiúid leo; ag tabhairt dá haire go mbaineann na moltaí an-tábhachtach le feabhsuithe ar chreat bainistithe tionscadal na hInstitiúide agus go gcuireann siad i bhfios go láidir a riachtanaí atá sé cur chuige na hInstitiúide i leith bainistiú tionscadal a chur in iúl ón uair nach raibh na treoirlínte á leanúint ag an bhfoireann; ag tabhairt dá haire go n-iarrann an moladh tábhachtach ar an Institiúid anailís a dhéanamh ar a bainistiú tionscadal, agus smaoineamh ar fheabhas a chur air;

18. ag tabhairt dá haire gur thíolaic an Chúirt trí bharúil maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht idirbheartaithe, bainistiú buiséadach agus rialuithe inmheánacha in 2019; ag tabhairt dá haire maidir leis an gcéad bharúil a bhaineann le cúraimí a shannadh do shaineolaithe seachtracha ar bhonn critéir roghnúcháin réamhshainithe, mar a leagtar amach in Airteagal 36(3) den Rialachán Airgeadais, gur scrúdaigh an Institiúid na próisis reatha agus gur ullmhaigh sí glao nua ar léiriú spéise ina gcuirtear moladh ón gCúirt san áireamh; ag tabhairt dá haire gur bhain an dara barúil leis an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais agus go ndeachaigh an Institiúid i dteagmháil le hArd-Stiúrthóireacht an Bhuiséid sa Choimisiún maidir leis an gceist faoi chistí tionscadalbhunaithe a chur i láthair sa bhuiséad bliantúil; á iarraidh ar an Institiúid cur chuige comhordaithe a chur ar fáil don Chúirt maidir leis an mbealach a bhfuil sé i gceist aici déileáil leis an tsaincheist shonrach sin amach anseo chun a áirithiú go ndírítear go hiomchuí ar an gcinneadh ón gCúirt; ag tabhairt dá haire go mbaineann an tríú barúil leis an bhfíric go bhféadfaidh an t-oifigeach údarúcháin, trí tharmligean, rialuithe *ex-post* a chur i bhfeidhm chun earráidí agus neamhrialtachtaí a bhrath, ach nach bhfuil rialuithe *ex-post* den sórt sin déanta ag an Institiúid; ag tabhairt dá haire go raibh na gníomhaíochtaí a rinne an Institiúid chun aghaidh a thabhairt ar an mbarúil sin ar siúl in 2020;

19. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go ndeirtear i gconclúid an mheasúnaithe ar an rialú inmheánach don bhliain 2020 gur córas páirtéifeachtach atá sa chóras rialaithe inmheánach de bharr saincheist i gcomhchuid 3 "gníomhaíochtaí rialaithe", ó tharla go bhfuil an plean leanúnachais gnó imithe i léig agus go bhfuil an tástáil leanúnachais gnó in easnamh ó 2015 i leith; ag meabhrú cinntí agus moltaí ó IAS agus ón gCúirt araon agus á iarraidh ar an Institiúid na cinntí sin a léiriú freisin sa mheasúnú ar an gcóras rialaithe inmheánach, sa chás nach ndearnadh é sin cheana féin; á chur in iúl gur geal léi na bearta maolaithe atá glactha ag an Institiúid agus á iarraidh ar an Institiúid an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, nach bhfuil aon rialuithe *ex-post* ar oibríochtaí ná ar chur chun feidhme buiséadach déanta ag an Institiúid ó mhí Mheán Fómhair 2016 i leith;

An fhreagairt ar COVID-19 agus leanúnachas gnó

20. ag tabhairt dá haire gur athraigh an Institiúid ord tosaíochta a gníomhaíochtaí agus gur atheagraigh sí iad chun maolú ar na rioscaí don leanúnachas gnó agus dea-bhail foirne ag éirí as paindéim COVID-19; ag tabhairt dá haire gur tuairiscíodh sa doiciméad clárseideal aithe aonair leasaithe do 2020-2022 na bearta a glacadh amhail teilea-oibriú, slándáil atreisithe le haghaidh cianrochtana, tionscnamh sreafaí oibre digiteacha agus síniú digiteach;

21. á aithint gur thug an Institiúid tacaíocht do na Ballstáit le linn phaindéim COVID-19 ina n-iarracht dul i ngleic le foréigean in aghaidh na mban agus gur lainseáil sí leathanach gréasáin in 2020 maidir le tionchar COVID-19 ar an gcomhionannas inscne agus gur tháirg sí 63 fhoilseachán a bhí dírithe ar chuidiú le lucht beartais agus beart á dhéanamh acu maidir leis an gcomhionannas inscne;

Barúlacha eile

22. á aithint go ndeachaigh stiúrthóir nua i mbun oifige in 2020; á aithint gur toghadh leas-uachtarán nua ar Bhord Bainistíochta na hInstitiúide freisin;

23. ag tabhairt dá haire iarrachtaí na hInstitiúide chun a áirithiú go mbeidh an t-ionad oibre costéifeachtach agus neamhdhíobhálach don chomhshaol; á chur in iúl gur geal léi gur ainmnigh an Institiúid oifigeach glas chun tionchar oibríochtaí na hInstitiúide ar an gcomhshaol a laghdú; ag tathant ar an Institiúid a dúshláin agus na ceachtanna a foghlaimíodh a chomhroinnt i Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais; ag tabhairt dá haire go bhfuil an Institiúid ag feabhsú maidir le torthaí a cuid taighde a scaipeadh ar an bpobal agus dul i dteagmháil leis an bpobal trí na meáin shóisialta agus asraoin eile;

24. á iarraidh go ndéanfaí nuachóiriú ar fhoirgnimh chun caighdeáin astaíochtaí nialasacha a chomhlíonadh, go háirithe trí phainéil ghréine a shuiteáil ar gach foirgneamh de chuid na hInstitiúide;

25. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé digiteáil na hInstitiúide a mhéadú ó thaobh oibriú agus bainistiú inmheánach de agus a thábhachtaí atá sé dlús a chur le digiteáil nósanna imeachta; á chur i bhfáth gur gá don Institiúid leanúint de bheith réamhghníomhach i ndáil leis sin chun bearna dhigiteach idir gníomhaireachtaí an Aontais a sheachaint ar ais nó ar éigean; ag tarraingt aird ar an ngá atá ann na bearta uile is gá a dhéanamh chun aon riosca do shlándáil ar líne na faisnéise a phróiseáiltear a sheachaint; á iarraidh ar an Institiúid a beartas cibearshlándála a fhorbairt níos tapa agus é a thabhairt gan mhoill;

26. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([5]) ar fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([5]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.